Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**8187/25**

**SPORT 18**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Ról na lúthchleasaithe maidir le beartais spóirt a chruthú<br>– *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht faoin ábhar thuasluaite, d’fhonn ullmhú don díospóireacht bheartais a thionólfar sa Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) an 13 Bealtaine 2025.

## ‘Ról na lúthchleasaithe maidir le beartais spóirt a chruthú’

**Réamhrá – cúlra na díospóireachta**

Níl ról na lúthchleasaithe sa phobal spóirt teoranta do thorthaí a bhaint amach ar an ardán náisiúnta nó idirnáisiúnta. Tá páirt níos mó á glacadh de réir a chéile ag lúthchleasaithe sa díospóireacht phoiblí, agus iad ag feidhmiú mar cheannairí tuairimíochta agus mar thionscnóirí don athrú sistéamach. Mar sin féin, ní hionann leibhéal na rannpháirtíochta dírí foirmiúla a bhíonn acu i gcomhlachtaí cinnteoireachta ar fud Bhallstáit an Aontais. I bhfianaise an iliomad dúshlán atá roimh earnáil an spóirt agus an gá méadaitheach atá le beartais spóirt thrédhearcacha agus chuimsitheacha, is gá ról a thabhairt go córasach do lúthchleasaithe sa chinnteoireacht agus sna próisis straitéiseacha.

Ceann de chuspóirí na Samhla Eorpaí Spóirt is ea rochtain ar chinnteoireacht sa spórt a éascú do ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht sa réimse sin, chomh maith lena rannpháirtíocht ghníomhach sa phróiseas sin a spreagadh. Ba cheart a chur in iúl go láidir go gcuireann an taithí, eolas agus dearcadh gairmiúil atá ag lúthchleasaithe le réitigh a fhorbairt ar bhealach níos éifeachtaí, lena n-áirítear beartais spóirt. A bhuí lena rannpháirtíocht, is fearr is féidir iad a chur in oiriúint d’fhíor-riachtanais an phobail spóirt ar gach leibhéal. Sa chomhthéacs sin, is iomchuí tús a chur le plé idir ionadaithe na mBallstát.

Cuireann ábhar na díospóireachta, a mhol Uachtaránacht na Polainne, béim ar an ngá atá le ról na lúthchleasaithe a aistriú ó fhaighteoirí beartas spóirt go dtí a gcomhchruthaitheoirí, i gcomhréir le prionsabail na hoscailteachta, na rannpháirtíochta agus an dea-rialachais.

**An tábhacht a bhaineann le lúthchleasaithe mar pháirtithe leasmhara sa bheartas spóirt**

Is príomhpháirtithe leasmhara i gcóras an bheartais spóirt iad lúthchleasaithe – idir iomaitheoirí reatha agus iad siúd a bhfuil deireadh tagtha lena ngairmeacha spóirt cheana féin. Mar gheall ar an taithí dhíreach a bhí acu sna struchtúir spóirt, tá dearcadh uathúil acu a chuireann ar a gcumas fíor-riachtanais an phobail spóirt a shainaithint, bacainní sistéamacha a thabhairt le fios agus réitigh a mholadh atá sonrach agus réalaíoch. Ós rud é gur tairbhithe díreacha de bheartais, cláir agus straitéisí iad, is minic a thuigeann lúthchleasaithe cad a oibríonn go maith agus cad is gá a fheabhsú, mar shampla cáilíocht oideachais traenálaithe, nó córais tacaíochta do lúthchleasaithe. Ba cheart a gcearta a bheith ina ngné lárnach de thionscnaimh atá tiomnaithe dóibh.

Ní hamháin go bhfuil aitheantas poiblí ag lúthchleasaithe gníomhacha agus ag iar-iomaitheoirí – go háirithe Oilimpigh agus baill foirne náisiúnta – ach tá leibhéal údaráis acu freisin a théann níos faide ná an pobal spóirt. Mar thoradh air sin, is féidir lena rannpháirtíocht i bpróisis chinnteoireachta feabhas suntasach a chur ar dhlisteanacht gníomhaíochtaí straitéiseacha, comhar le páirtithe leasmhara eile a neartú agus an seans a mhéadú go gcuirfear beartais chun feidhme go héifeachtach.

Is minic a leanann lúthchleasaithe dá ngairmeacha beatha proifisiúnta laistigh de struchtúir eagrúcháin an spóirt ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Feidhmíonn siad ar bhoird na gcónaidhmeanna, ar choistí Oilimpeacha agus ar chumainn lúthchleasaithe, agus bíonn róil shaineolacha agus chomhairleacha acu. Mar sin féin, téann a dtionchar níos faide ná réimse an spóirt iomaíoch; tá ról suntasach acu freisin i bhforbairt spórt an phobail trína rannpháirtíocht sna meáin, san oideachas agus i dtionscnaimh shóisialta. Trína n-éachtaí agus a rannpháirtíocht phoiblí, spreagann lúthchleasaithe grúpaí sóisialta éagsúla chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht coirp, agus ar an gcaoi sin cuirtear stíl mhaireachtála shláintiúil chun cinn agus spreagtar daoine chun páirt a ghlacadh i spóirt faoi leith. Ní hamháin go gcuidíonn a dtiomantas le híomhá dhearfach den spórt a fhorbairt, ach cuidíonn sé go hindíreach leis an tsochaí a dhéanamh níos gníomhaí freisin. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag lúthchleasaithe maidir le straitéisí forbartha spóirt an phobail a mhúnlú agus a chur chun feidhme trí ghníomhú mar ambasadóirí dóibh.

Mar gheall ar na hinniúlachtaí a shealbhaíonn siad le linn a ngairmeacha spóirt, mar aon le raon leathan gníomhaíochtaí, is comhpháirtithe oiriúnacha iad lúthchleasaithe i ndáil le beartais spóirt a chruthú. Tacaíonn a gcuimsiú sa phróiseas ceaptha beartas le córas spóirt níos cuimsithí agus níos éifeachtaí a bhunú lena dtugtar aghaidh ar riachtanais lúthchleasaithe gairmiúla agus an phobail spóirt i gcoitinne araon.

Ó thaobh na mBallstát agus riarachán an Aontais de araon, tá sé thar a bheith tábhachtach sásraí buana trédhearcacha a bhunú don idirphlé leis an bpobal spóirt. Nuair a dhéantar guth an phobail sin a shoiléiriú go cuí agus a chur ar bhonn foirmiúil, is féidir ról lárnach a bheith aige maidir le beartais forbartha spóirt inbhuanaithe agus éifeachtacha a cheapadh ar fud na hEorpa.

**Lúthchleasaithe a chuimsiú go córasach i bpróisis chinnteoireachta – moltaí agus iarrataí ar ghníomhaíocht**

Is féidir cineálacha éagsúla lúthchleasaithe – idir dhaoine ar lúthchleasaithe iad faoi láthair agus iar-lúthchleasaithe – a áireamh i bpróisis phleanála agus i gcur chun feidhme gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. D'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh leis sin:

- comhairlí comhairleacha a bhunú ina ndéanfar ionadaíocht ar lúthchleasaithe i gcónaidhmeanna náisiúnta, aireachtaí spóirt agus comhlachtaí institiúideacha ábhartha de chuid an Aontais;

- ionadaíocht leordhóthanach ar lúthchleasaithe a áirithiú i gcomhlachtaí atá freagrach as beartais spóirt a fhorbairt;

- tacú le hoideachas bainistíochta agus le ceannaireacht shóisialta do lúthchleasaithe (e.g. trí oiliúint a chur orthu i mbeartais phoiblí, bainistíocht spóirt agus dlí an spóirt);

- comhpháirtíochtaí a chur chun cinn idir údaráis riaracháin phoiblí, eagraíochtaí spóirt agus an pobal spóirt i gcoitinne.

**Chun an díospóireacht bheartais a stiúradh, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí freagra a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cad iad na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le rannpháirtíocht lúthchleasaithe i bpróisis chinnteoireachta maidir le beartas spóirt?

2. Tabhair roinnt samplaí de thionscnaimh a rinneadh i do thír féin chun lúthchleasaithe a chur san áireamh i gcruthú beartas spóirt.

3. Conas is féidir leis an Aontas Eorpach tacú leis na Ballstáit ardáin a fhorbairt le haghaidh idirphlé le lúthchleasaithe?